## Réamhrá

Plé ranga bunaithe ar choillte:

Cad is gnáthóg ann?
*Tugtar gnáthóg ar an áit ina maireann plandaí nó ainmhíithe.*

Cad iad na gnáthóga atá sa chontae seo?
*Coillte, aibhneacha, locháin, goirt, cois farraige, ailltreacha, bailte ...*

Tá gach gnáthóg éagsúil ach cad atá i gcoitinne acu? Cad a chuireann siad araon ar fáil do na nithe beo atá ina gcónaí iontu?
*Déanann siad bia, uisce agus fothain a sholáthar.*

An ndeachaigh éinne ag siúl sa choill riamh? Cá háit?

## Corp an Cheachta

Abair leis na páistí a súile a dhúnadh agus ligint orthu go bhfuil siad sa choill. Labhair faoi cad a bheadh le feiceáil /cloisteáil / boladh /tadhall.

Iarr ar na páistí an oiread focal atá bainteach leis an gcoill agus is féidir leo a liostáil laistigh de 2 nóiméad.

Déan cur síos ar ainmhithe éagsúla agus lig do na páistí a thomhais cen ainmhí atá i gceist agat. Bain úsáid as pictiúir.

Glaoigh amach na catagóirí seo a leanas agus iarr ar na páistí na pictiúir chuí a roghnú ón 8 gcárta:

- ⇒ Ainmhithe atá ina gcónaí sna crainn
- ⇒ Ainmhithe oíche
- ⇒ Ainmhithe a théann a chodladh sa gheimhreadh
- ⇒ Ainmhithe a itheann ainmhí eile as an liosta
- ⇒ Ainmhithe a itheann plandaí amhain
- ⇒ Cuir na hainmhithe in ord a méide

**Críoch an cheachta:**
Iarr orthu eolas a bhailiú faoi ainmhí amháin ag úsáid na dteidil: Cur Síos, Bia, Iompar, Daonra. Ansin iarr orthu tuairisc a scríobh faoin ainmhí sin. Abair leo obair a chéile a léamh. Abair leo 3 rud nua atá foghlamtha acu a insint dá bpáirtí.

## CLUICHE

- Tabhair 8 gcárta do gach beirt.
- Iarr ar dhalta A cárta a phiocadh agus leideanna a thabhairt do dhalta B maidir leis an ainmhí atá ar an gcárta.
- Déanfaidh dalta B an t-ainmhí a thomhais.
- Ansin malartaigh rólanna.

## CEISTEANNA

**Cad is gnáthóg ann?**

**Cad iad na gnáthóga atá sa chóngar?**

**Cad iad na hainmhithe atá iontu?**

**Cad atá mar an gcéanna i ngach gnáthóg?**

## FOCLÓIR

**Gnáthóg**
**Mamach**
**Finé**
**Feoiliteoir**



Erasmus+